2026/1118

27.5.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1118 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2026

lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do mhaíomh sláinte a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do riosca galair a laghdú agus iad sin lena dtagraítear d'fhorbairt agus do shláinte leanaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 i dtaca le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, tá toirmeasc ar mhaímh shláinte a dhéantar i leith bianna ach amháin má tá siad údaraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán sin agus curtha ar liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe.

(2) Foráiltear le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 maidir le hiarratais ar mhaímh shláinte a áireamh i liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe, go bhféadfadh oibreoirí gnólachtaí bia na hiarratais sin a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta Ballstáit. Cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta iarratais bhailí chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') le haghaidh measúnú eolaíoch, agus cuirfidh sé iad chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit chomh maith, ar mhaithe le faisnéis.

(3) Tar éis don Údarás iarratas a fháil, tá tuairim le tabhairt aige ar an maíomh sláinte lena mbaineann.

(4) Déanfaidh an Coimisiún cinneadh i dtaca le húdarú a thabhairt don mhaíomh sláinte agus an tuairim ón Údarás á cur san áireamh aige.

(5) Tar éis iarratas a fháil ó Alzchem Trostberg GmbH ('an t-iarratasóir'), iarratas a cuireadh isteach de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, bhí de cheangal ar an Údarás tuairim a thabhairt maidir leis an mbunús eolaíoch atá le maíomh sláinte i ndáil le créitín agus feabhas ar fheidhm chognaíoch (Ceist Uimh. EFSA-Q-2024-00106). Is mar a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: 'Is féidir le forlíonadh laethúil créitín rannchuidiú le feidhm chognaíoch a fheabhsú'.

(6) An 19 Samhain 2024, d'fhoilsigh an tÚdarás an tuairim eolaíoch uaidh ([2]) maidir leis an maíomh sláinte sin.

(7) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nár bunaíodh ceangal cúise agus éifeachta idir forlíonadh le créitín agus feabhas ar fheidhm chognaíoch i gceann amháin nó níos mó dá réimsí, amhail cuimhne, líofacht urlabhra, aird, airdeall, luas próiseála, luas sícealuaile, feidhm feidhmiúcháin agus cumas cognaíoch ginearálta nó solúbthacht agus faisnéis leachta.

(8) Dá réir sin, ós rud é nach gcomhlíonann an maíomh sláinte ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 lena chur le liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe, níor cheart é a údarú.

(9) Chuir an tÚdarás an tuairim eolaíoch uaidh ar aghaidh chuig an gCoimisiún, an t-iarratasóir agus na Ballstáit. Ar fhoilsiú na tuairime sin, ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ón iarratasóir ná ó bhaill den phobal de bhun Airteagal 16(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 9, ELI: data.europa.eu/eli/reg/2006/1924/oj.
([2]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22:e9100. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9100.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní chuirfear an maíomh sláinte a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo le liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Maíomh sláinte a diúltaíodh

Cur i bhfeidhm – Forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006	Cothaitheach, substaint, bia nó catagóir bhia	Maíomh	Tagairt na tuairime ó EFSA
Airteagal 13(5), maíomh sláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó lena d-áirítear iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh	Créitín	Le forlíonadh créitín, feabhsaítear feidhm chognaíoch	Q-2024-00106